

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Meastóireacht Scoile Uile
Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim

TUAIRISC

Ainm na scoile / School name	Coláiste Naomh Feichín
Seoladh na scoile / School address	Corr Na Mona Contae na Gaillimhe
Uimhir rolla / Roll number	71320S

Dáta na Meastóireachta: 21-02-2018



An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

This report is written in Irish. An English translation of the report is provided at the end of the report.

Tá an tuairisc seo scríofa i nGaeilge. Tá aistriúchán Béarla den tuairisc ar fáil ag deireadh na tuairisce.

Cad is meastóireacht scoile uile - bainistíocht, ceannaireacht agus foghlaim ann?

Déanann Meastóireacht Scoile Uile - Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim tuairisciú ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama agus ar cháilíocht na bainistíochta agus na ceannaireachta i scoil. Dearbhaítear léi dea-chleachtas agus déantar moltaí, nuair is cuí, chun cuidiú le forbairt bhreise a dhéanamh ar an soláthar oideachais sa scoil.

Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

Conas an tuairisc seo a léamh

Le linn na cigireachta seo, rinne na cigirí meastóireacht agus tuairisciú faoi na ceanteidil nó faoi na réimsí fiosrúcháin seo a leanas:

1. Cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochts scoile
2. Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama
3. Cur i bhfeidhm na moltaí ó mheastóireachtaí roimhe seo
4. Próiseas féinmeastóireachta na scoile agus an acmhainn d'fheabhsúchán scoile

Déanann na cigirí cur síos ar an gcáilíocht a bhaineann le gach ceann de na réimsí sin agus feidhm á baint acu as contanam cáilíochta na Cigireachta a thaispeántar ar leathanach deiridh na tuairisce seo. Soláthraíonn an contanam cáilíochta samplaí den teanga a úsáideann cigirí agus iad ag déanamh meastóireachta agus ag cur síos ar cháilíocht sholáthar na scoile i ngach réimse.

MEASTÓIREACHT SCOILE UILE – BAINISTÍOCHT, CEANNAIREACHT AGUS FOGHLAIM

Dátaí na cigireachta	21-02-2018
Gníomhaíochtaí cigireachta a rinneadh Cruinniú leis an mBord Bainistíochta Cruinnithe leis an bpríomhoide agus príomhoide tánaisteach Cruinnithe le príomhbhaill foirne Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha Agallamh le fócasghrúpa scoláirí	Cruinniú le tuismitheoirí Anailís ar cheistneoirí ó thuismitheoirí, scoláirí agus múinteoirí Breathnú ar theagasc agus foghlaim Examination of students' work Scrúdú ar obair na scoláirí Aiseolas don fhoireann bhainistíochta sinsearaí, bord bainistíochta agus múinteoirí

Comhthéacs na scoile

Iar-bhunscoil Ghaeltachta, chomhoideachais í Coláiste Naomh Feichín atá suite i lár Ghaeltacht Dhúiche Sheoigheach. I mbliana, tá 93 scoláire ar an rolla a thagann ó cheithre bhunscoil Ghaeltachta agus ó ocht mbunscoil lán-Bhéarla. Is í an Ghaeilge gnáth-theanga chumarsáide agus riaracháin na scoile ach múintear formhór na n-ábhar trí Bhéarla. Ghlac pobal na scoile cinneadh i Meán Fómhair 2017, mar chuid den *Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (SASG)*, go dtosódh an scoil arís ag múineadh na n-ábhar trí Ghaeilge ag tosú le scoláirí na chéad bhliana. Tá sé mar chuspóir ag an scoil cur chuige lántumtha a chur i bhfeidhm thar thréimhse chúig bliana SASG. I suirbhé a rinne na múinteoirí le gairid faoi theanga an teagaisc agus na foghlama, bhí 45% do na múinteoirí ag múineadh trí mheán na Gaeilge sa chéad bhliain.

Tá an Teastas Sóisearach, an Ardeistiméireacht bhunaithe agus Gairmchláir na hArdteistiméireachta (GCAT) ar churaclam na scoile.

MIONCHINNTÍ AGUS MOLTAÍ

Cinntí

- Ar an iomlán, bhain caighdeán maith le cáilíocht na bainistíochta agus na ceannaireachta, tá gá áfach le cuir chuige níos córasaí a cheapadh chun forfheidhmiú na bpleananna feabhsúcháin a bhrú ar aghaidh mar phróiseas scoile uile.
- Tugann an bord bainistíochta tacaíocht mhaith don scoil agus tá clár forbartha maith aontaithe i gcomhar le pobal na scoile.
- Bhí cáilíocht an teagaisc go han-mhaith nó go maith sa chuid ba mhó de na ceachtanna agus bhí cleachtas sásúil i líon suntasach eile, tá gá tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chleachtas na difreála agus ar phrionsabail an mheasúnaithe chun foghlama (McF).
- Bhí cáilíocht na foghlama go maith i dtromlach na gceachtanna agus bhí eispéireas na bhfoghlaimoirí go han-mhaith i níos lú ná leath de na ranganna; bhí caidreamh an-mhaith idir na múinteoirí agus na scoláirí i ngach ceacht.
- Tá dul chun cinn maith déanta ar chur i bhfeidhm moltaí a bhain le meastóireachtaí roimhe seo, ach is dul chun cinn sásúil atá bainte amach i gcás fhormhór na bpleananna ábhair.
- Tá an acmhainn chun feabhais go maith i measc phobal na scoile, ach próiseas sé-chéim na féinmheastóireachta scoile a úsáid ar shlite níos córasaí.

Moltaí

- Faoi stiúir an bhoird bhainistíochta ní mór don bhainistíocht shinsearach ról ceannaireachta níos réamhghníomhaí a ghlacadh chun an clár forbartha atá aontaithe ó thaobh teagaisc agus foghlama, forbairtí cumarsáide, infreastruchtúir agus riachtanais speisialta oideachais (RSO) de a bhaint amach.
- Moltar an seicliosta féinmheastóireachta scoile (FMS) de pholasaithe a chur faoi bhráid an bhoird agus clár timthriallach athbhreithnithe a aontú le haird faoi leith ar an ráiteas sláinte agus sábháilteachta agus ar pholasaí Gaeilge na scoile.
- Ba chóir bealaí fiúntacha a aimsiú chun guth na scoláirí agus na dtuismitheoirí a láidriú in obair na scoile.
- Tá gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr na tacaíochta do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu.
- Moltar spriocanna forbartha a aithint chun úsáid mhodhanna múinte difreáilte a mhéadú, chun cleachtas comhoibríoch na múinteoirí i leith na pleanála ábhair a fheabhsú agus chun polasaí measúnaithe scoile uile a dhréachtú agus a chur i bhfeidhm.

1. CÁILÍOCHT NA CEANNAIREACHTA AGUS NA BAINISTÍOCHTA SCOILE

Ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc

Bhí cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta go maith ag leibhéal na bainistíochta sinsearaí. Tá sainscileanna ceannaireachta comhlántacha agus comhoibríocha acu agus taithí ar sholáthar oideachais Ghaeltachta nó oideachas trí mheán na Gaeilge. Tá cumarsáid mhaith idir an bhainistíocht shinsearach agus an fhoireann teagaisc. Áiríonn líon ard de na múinteoirí go bhfuil meas ar a dtuairimí i bpróiseas cinnteoireachta na scoile. Tá dul chun cinn déanta ag an mbainistíocht shinsearach leis na ceithre réimse forbartha atá aitheanta ag an scoil a bhrú ar aghaidh. Moltar an próiseas sé chéim FMS a úsáid ar shlí níos córasaí chun forfheidhmiú agus athbhreithniú na bpleananna feabhsúcháin a chinntiú.

Tá clár réasúnta maith san fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) curtha ar fáil don fhoireann teagaisc ar fad le cúpla bliain anuas. Coinnítear béim ar theagasc agus foghlaim mar ghnáthnós agus bíonn sé mar mhír sheasta ar chlár chruinnithe foirne. Ainneoin eolas bonnlíne cainníochtúil an-mhaith a bheith bailithe faoi riachtanais na foirne maidir le straitéisí teagaisc agus foghlama ó 2014, níor leagadh amach clár FGL iomlán foirne dírithe ar na cuir chuige teagaisc agus foghlama a bhí aitheanta. É sin ráite, tá dul chun cinn déanta ó thaobh modheolaíochtaí ar nós úsáid na n-intinní foghlama, soilse tráchta agus tá leagan amach na seomraí ranga curtha in oiriúint don fhoghlaim ghníomhach. Ba léir freisin go ndéantar moltaí ó chigireachtaí a roinnt ar bhaill uile na foirne.

Tá obair mhaith déanta ar na sonraíochtaí don Teastas Sóisearach nua a neadú i gcleachtais na scoile. Tugadh isteach teimpléad nua don phleanáil ábhair i mí Dheireadh Fómhair 2017 ina bhfuil treoirlínte maithe don tuairisciú ó chruinnithe na rannóga ábhair mar aon le ceist faoi riachtanais FGL. Moltar clár FGL a chur i dtoll a chéile anois chun tacú leis an bhfoireann aghaidh a thabhairt ar na gnéithe is mó gá ó thaobh oideolaíochta agus teanga de.

Tá clár curaclaim fairsing ar fáil agus ar an iomlán tá an soláthar do na hábhair go maith. Tá gá le pleanáil a dhéanamh chun Folláine a chur ar an gcuraclam faoi 2020. Níl cur chuige na scoile maidir le húsáid acmhainní teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) don fhoghlaim soiléir. Tugadh isteach táblaí do scoláirí na scoile uile roinnt blianta ó shin ach i láthair na huairé tá táblaí ag cuid de na

scoláirí agus níl ag cuid eile. Tá costas ard ar na táibléid agus titeann costas árachais ar na tuismitheoirí. Cuireadh tús le hardán digiteach foghlama a úsáid in 2012 ach ba bheag fianaise a bhí ann go mbaintear mórán feidhme as anois. Moltar plé a dhéanamh ar na tairbhí atá ann don teagasc agus don fhoghlaim as na táibléid agus ardán digiteach a úsáid agus cinneadh soiléir a dhéanamh do phobal na scoile.

Tá cúram do na scoláirí mar chuid de bhunéiteas na scoile agus tá gaol an-mhaith idir na scoláirí agus an fhoireann. Bhí dea-theist le léamh i gceistneoirí na scoláirí agus na dtuismitheoirí faoin gcúram a thugtar do na scoláirí. Glacann na múinteoirí le ról an cheannaire ranga go deonach, tá na dualgais sainaitheanta agus tá a dtiomantas maidir leis na cúraimí seo le moladh. Ainmníodh coiste folláine le gairid ach níor tionóladh cruinniú go fóill. Moltar an t-easnamh seo a réiteach go luath.

Tá beirt treoirchomhairleoirí cáilithe ar an bhfoireann agus tá an soláthar don Treoir ar an gclár ama sásúil. Bhain caighdeán sásúil leis an dréachtphlean don Treoir. Moltar cur chuige scoile uile an phlean a fhorbairt agus é a thabhairt os comhair phobal difriúil na scoile.

Bhí an soláthar a dhéantar do scoláirí a bhfuil RSO acu sásúil. Tá aon cheathrú de na scoláirí i dteideal tacaí breise agus roinntear na huairéanta tacaíochta foghlama ar thrí cheathrú de na múinteoirí thar réimse ábhar. Tá múinteoir amháin saincháilithe i RSO agus tá ball foirne eile ag fáil oiliúna i RSO. Moltar na huairéanta a roinnt ar chroífoireann de mhúinteoirí a bhfuil taithí agus spéis acu sa réimse RSO. Déantar trialacha caighdeánaithe Béarla agus Matamaitice mar ghnáthnós gach bliain agus cuirfeadh tús le triail chaighdeánaithe Ghaeilge i mbliana le lucht na chéad bhliana. I measc na dtacaíochtaí atá le moladh tá teagasc i ngrúpaí beaga do scoláirí agus teagasc aonair.

Tá pleananna foghlama aonair (PFA), ar bhain cáilíocht shásúil leo, leagtha amach do na scoláirí a bhfuil riachtanais aitheanta acu. Cé go dtugtar ionchur don fhoireann teagasc ar riachtanais ghinearálta scoláirí RSO ag tús na scoilbhliana, níor léir go raibh na múinteoirí atá ag soláthar na dtacaí breise ar an eolas faoi na PFAanna. Ní dhéantar tástáil ar thionchar na n-idirghabhálacha. Moltar athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar RSO agus tacaíochtaí comhtháite a dhíriú ar riachtanais bhreise na scoláirí chomh maith le cabhair in ábhair ar leith. B'fhiú go mór freisin tuilleadh forbartha a dhéanamh ar thacaí inranga agus tús a chur leis an teagasc foirne ag teacht leis an dea-chleachtas.

An eagraíocht a bhainistiú

Tá an eagraíocht á bainistiú go maith. Tá an bord bainistíochta reatha bunaithe mar is cuí. Tá baill an bhoird fréamhaithe sa phobal, tá réimse saineolais acu agus taithí fhairsing acu ar a bheith ag plé le cúrsaí iar-bhunoideachais trí Ghaeilge. Tionóltar cruinnithe boird go rialta agus tugann tuairiscí cuimsitheacha an phríomhoide an-chur amach don bhord ar chúrsaí na scoile.

Leagadh amach timthriall athbhreithnithe ar pholasaithe i Meán Fómhair 2017 agus cé go bhfuil formhór na bpolasaithe riachtanacha glactha ag an mbord, tá cinn eile fós le forbairt. Ní raibh an plean Treorach ná an ráiteas sláinte agus sábháilteachta faofa ag an mbord. Moltar go láidir don bhord é seo a chur ina cheart. Ní mór freisin súil a choinneáil ar an bpolasaí iontrála agus an scoil ag dul i dtreo chur chuige lántumtha thar thréimhse chúig bliana na scéime SASG. De réir mar a dhéantar an obair pholasaithe seo ba cheart coiste na dtuismitheoirí agus comhairle na scoláirí a bheith níos lárnaí sa phróiseas.

Déantar bainistiú maith ar shaol laethúil na scoile agus tá an príomhoide agus an príomhoide tanáisteach feiceálach timpeall na scoile. Cothaíonn siad agus ceannairí eile sa scoil timpeallacht scoile an-dearfach agus spreagann siad idirghníomhaíocht ómósacha ag na leibhéil uile laistigh de phobal na scoile. Leagtar an-bhéim ar dhea-iompair sa chód iompair. Sna ceistneoirí a roinneadh ar scoláirí agus

ar thuismitheoirí mar chuid den mheastóireacht bhí an t-aiseolas an-dearfach faoi shoiléireacht rialacha na scoile agus faoin mbealach a chaitear le gach scoláire.

Beirt mhúinteoirí a bhfuil poist fhreagrachta acu atá mar fhoireann meánbhainistíochta. Comhlíonann siad a gcuid dualgas go críochnúil agus cuireann an obair seo go mór le feidhmiú na scoile. Ghlac an fhoireann ar fad páirt san athbhreithniú deireanach ar na poist nuair a cuireadh dualgais na scoile in ord fiúntais agus tá rian den athbhreithniú maith sin le léamh go soiléir i sceideal na gcúramaí atá ag na sealbhóirí poist. Níor mhór cruinniú foirmeálta rialta a thionól idir an bhainistíocht shinsearach agus an fhoireann meánbhainistíochta, ní tharlaíonn an méid sin ach i gcás duine amháin i láthair na huaire. Chomh maith leis na sealbhóirí poist, tá leithdháileadh ann don chomhordú i réimsí eile den churaclam: GCAT, an Creat don Teastas Sóisearach nua agus comheagraí don phleanáil teanga. Is iomaí múinteoir a ghlacann cúraimí breise orthu féin, dualgas bliainmhúinteora san áireamh, rud a thacaíonn le clár curaclaim leathan a chuir ar fáil do na scoláirí.

Coinnítear an scoil ar chaighdeán an-ard. Tá an soláthar agus cothabháil ar áiseanna agus ar threalamh teagaisc go maith agus tá na seomraí ranga go léir leagtha amach ar bhonn stáisiún oibre. Tá tamall de bhlianta ann ó rinneadh forbairt ar an ráiteas sláinte agus sábháilteachta agus moltar athbhreithniú a dhéanamh air gan mhoill.

Ceannaireacht ar fhorbairt na scoile

Tá dul chun cinn an-mhaith déanta ag an mbord agus ag an mbainistíocht shinsearach ar ghnéithe tábhachtacha den fhorbairt scoile agus tá gá le dlús a chur leis an obair seo i ngnéithe eile. I gcomhar le foireann na scoile, d'aithin an bord tosaíochtaí forbartha maithe dá théarma lena n-áirítear béim ar theagasc agus foghlaim trí mheán an phróisis FMS, plean gníomhaíochta feabhsúcháin scoile (PGFS) don Ghaeilge a chur i gcrích chomh maith le forbairtí a dhéanamh i gcúrsaí cumarsáide, infreastruchtúir agus RSO. Tá dul chun cinn maith déanta i dtaobh litearthacht an Bhéarla, tá PGFS cuimsitheach curtha le chéile don Aonad Um Oideachas Gaeltachta (AOG). Tá dul chun cinn maith tosaithe ag an mbainistíocht shinsearach sna réimsí forbartha aitheanta eile, go háirithe maidir le forbairtí teagasc agus foghlama agus cumarsáide.

Ní foláir ról an bhoird agus ról na bainistíochta a láidriú i leith na ceannaireachta agus cuir chuige níos córasaí a cheapadh chun forfheidhmiú na bpleananna feabhsúcháin a bhrú ar aghaidh mar phróiseas scoile uile.

Moltar don bhord tuairiscí comhaontaithe i scríbhinn ar a gcruinnithe a sholáthar don fhoireann agus do choiste na dtuismitheoirí. Bheadh sé inmhianaithe tuairisc rialta ar dhul chun cinn na bpleananna feabhsúcháin a bheith ar chlár chruinnithe na gcomhpháirtithe difriúla ar mhaithe le tuiscint chomhroinnte agus cur chuige aontaithe a bheith ag pobal na scoile uile.

Déanann an scoil cumarsáid éifeachtach agus rialta thar réimse bealaí le thuismitheoirí uile na scoile. Ag am na cigireachta bhí suíomh idirlín na scoile agus bogábhar nua á bhforbairt chun cáilíocht na cumarsáide idir an scoil agus páirtithe uile na scoile a fheabhsú tuilleadh. Bhí dea-theist le léamh sna ceistneoirí ar leibhéal sástachta na dtuismitheoirí thar réimsí éagsúla de shaol na scoile. Léirigh na ceistneoirí freisin go bhfuil gá le forbairt a dhéanamh ar an gcumarsáid idir coiste na dtuismitheoirí agus pobal na dtuismitheoirí. Moltar na miontuairiscí ar chruinnithe an choiste a uaslódail ar shuíomh idirlín na scoile. Tá naisc láidre cothaithe idir an scoil agus eagraíochtaí áitiúla.

Acmhainn na ceannaireachta a fhorbairt

Tá na dualgais agus na freagrachtaí atá ag an mbainistíocht shinsearach agus ag na sealbhóirí poist sa scoil dáilte go straitéiseach de réir a gcuid scileanna agus déantar athbhreithniú ar a gcuid ról ar bhonn neamhfhoirmiúil. Moltar córas agus struchtúr foirmiúil a cheapadh chun barr feabhais a chur ar an athbhreithniú. Thabharfadh na ceithre diminsean atá luaite leis an mbainistíocht agus ceannaireacht sa treoirleabhar *Ag Breathnú ar an Scoil Againne (ABSA)* creat don obair seo. Moltar freisin cur chuige a cheapadh chun tuairisciú ar chomhlíonadh na bpost a chur os comhair an bhoird.

Cé go spreagtar baill foirne nach bhfuil post dualgais acu le ceannas a ghlacadh ar fhorbairtí i bpríomhréimsí na scoile, níor éirigh leis an bpróiseas sé-chéim FMS ach i réimse litearthacht an Bhéarla. Ar mhaithe le clár feabhsúcháin na scoile uile a chur chun cinn, moltar fochoistí foirne a bhunú agus léargas ginearálta ar fhorfheidhmiú na spriocanna feabhsúcháin a bheith ag ball den bhainistíocht shinsearach. Ba cheart clár tacúil FGL a chur ar fáil do bhaill foirne atá sásta páirt a ghlacadh i bhforbairt a gcuid scileanna ceannaireachta.

Cuirtear deiseanna go leor ar fáil do na scoláirí lena gcuid scileanna ceannaireachta a fhorbairt ag teacht le fíis threorach na scoile oideachas iomlánaíoch a sholáthar dá scoláirí. Roghnaítear comhairle na scoláirí go daonlathach agus tá comhaltaí ó gach bliainghrúpa air. Tá sé le moladh go bhfuil an príomhoide tanasiteach ceaptha mar nascmhúinteoir do chomhairle na scoláirí agus b'fhiú go mór na scoláirí a stiúradh chun ról níos lárnaí a ghlacadh in imeachtaí na scoile. Tá an nós díreach tosaithe cuireadh a thabhairt do bhaill de chomhairle na scoláirí bualadh leis an mbord bainistíochta, ag teacht le dea-chleachtas. Tá an clár *Peer4Peer* beartaithe a thabhairt isteach an bhliain seo chugainn.

2. CÁILÍOCHT AN TEAGAISIC AGUS NA FOGHLAMA

Torthaí agus Eispéiris na bhFoghlaimeoirí

Bhí cáilíocht an teagaisic agus na foghlama go han-mhaith nó go maith sa chuid ba mhó de na ceachtanna; ní raibh an cleachtas thar an leibhéal sásúil i líon beag eile.

Baineadh úsáid mhaith as spriocanna foghlama i mórán gach ceacht agus baineadh amach iad i bhformhór na gceachtanna. Bhí an cleachtas ab fhearr ina leith nuair a roinneadh iad i ráitis 'is féidir liom' a bhí idirdhealaithe de réir cumais, nuair a baineadh úsáid astu mar phointí tagartha i gcaitheamh an cheachta agus mar threoir leis an bhfoghlaim a dhaingniú. Bhí rath níos mó ar an bhfoghlaim nuair a bhí cur i láthair an mhúinteora soiléir, céimnithe agus treisithe le gníomhaíochtaí fiúntacha a d'éiligh ar na scoláirí obair as a stuaim féin nó lena gcomhscoláirí. Nuair nár éirigh leis na scoláirí mar fhoghlaimeoirí de réir a n-acmhainne níor cuireadh tacaí inranga ar fáil dóibh, ní dhearnadh idirdhealú sna ceisteanna a cuireadh orthu nó ní raibh rochtain acu ar an ábhar mar gheall ar theanga an teagaisic.

Bhí an obair sna seomraí ranga, an teagasc, an fhoghlaim agus an measúnú ar siúl go dátheangach nó i nGaeilge go hiomlán. Tá obair na múinteoirí i bhforbairt acmhainní agus fearais a thacaíonn le foghlaim na scoláirí le moladh ach tá scóip ann le húsáid a bhaint as míreanna físe, foinsí idirlín agus as an ardán digiteach foghlama. Moltar úsáid níos forleithne a bhaint as TFC mar uirlis chun tacú leis an teagasc agus an fhoghlaim. Beidh *An Creat Foghlama Digítí d'Iar-bhunscoileanna 2017* úsáideach mar phointe tagartha don obair seo.

Cuireadh ar chumas na scoláirí ceangail fiúntacha agus dílse a dhéanamh idir an fhoghlaim scoilbhunaithe agus a dtaithe saoil féin. Tríd is tríd, bhí luas fiúntach faoi na gníomhaíochtaí ceachta i bhformhór na ranganna agus bhí na scoláirí gafa san fhoghlaim ar feadh an cheachta go léir. Bhí cumas

riar ranga gach múinteora go han-mhaith agus tugadh suntas i gcaitheamh na meastóireachta don ghaol comhmheasúil a bhí idir na scoláirí agus an fhoireann.

Bhain cáilíocht mhaith leis an bpleanáil agus an ullmhúchán i mórán gach ceacht ach bhí an cleachtas maidir le straitéisí na scoile uile don FMS lag ó thaobh litearthachta agus uimhearthachta de. I measc na gcleachtas ab fhearr, baineadh úsáid as réimse cur chuige teagaisc a chuir le héagsúlacht na gceachtanna ó thaobh stíleanna foghlama na scoláirí de. Bhí ábhar na gceachtanna curtha in oiriúint do leibhéal na bhfoghlaimoirí, cuireadh le réamheolas na scoláirí trí mheán na tobmaointeoireachta agus tugadh aiseolas ó bhéal ar dhul chun cinn an scoláire ó thaobh tuisceana, eolais nó forbairt scile de. Ní raibh an rath céanna ar an bhfoghlaim nuair a baineadh úsáid as straitéisí ceistiúcháin ísealoid le mionlach de na scoláirí. Tháinig sé seo chun solais freisin i suirbhé a rinneadh ar theicnící teagaisc agus foghlama i 2016. Moltar úsáid níos forleithne a bhaint as cur chuige na difreála mar chuid de straitéisí ceistiúcháin gach múinteora.

Tugadh tascanna obair bhaile rialta i gcuid mhaith ábhar agus bhí éagsúlacht le léamh sna tascanna a bhí tugtha, mar is cuí. Bhí córais mhaithe in úsáid chun an obair bhaile a cheartú i mionlach de na ceachtanna. Moltar athbhreithniú a dhéanamh ar na cuir chuige atá in úsáid do cheartú an obair bhaile ar mhaithe lena chinntiú go dtapaítear na deiseanna teagaisc agus foghlama go léir agus an obair bhaile á ceartú. Cé go raibh socruithe an-mhaith forbartha do na scrúduithe tí, moltar machnamh ar idirdhealú a dhéanamh ar scrúdpháipéir do scoláirí a bhfuil an scafall sin de dhíth orthu. Bhí fianaise ar aiseolas foirmitheach scríofa bhí ar ardchaighdeán nó ar bhain caighdeán maith leis i gcás leath de na ceachtanna. Baineadh úsáid as an bhféinmheasúnú agus as an bpiarmheasúnú ar bhain cáilíocht mhaith leis i mionlach de na ceachtanna. Moltar polasaí measúnaithe na scoile uile a aontú chun forbairtí sna cleachtais mheasúnaithe a chur chun cinn.

Cleachtas aonair agus comhchoiteann na múinteoirí

Bhí cáilíocht na bpleananna curaclaim an-éagsúil; bhí roinnt bheag a bhí lag agus bhí mionlach suntasach a bhí ar ardchaighdeán. I measc na samplaí den chleachtas ab fhearr bhí scéimeanna oibre cuimsitheacha forbartha, bhí a dtionchar le feiceáil ar na ceachtanna a breathnaíodh, liostaí d'acmhainní úsdáideacha, nótaí athmhachnaimh na múinteoirí, scrúduithe comónta in úsáid agus tá tús curtha leis an bpleanáil do na sonraíochtaí nua sna hábhair chúí chomh maith le taifead ar fhorbairt ghairme. Cé go raibh straitéisí litearthachta agus uimhearthachta forbartha in oiriúint do mhúineadh na n-ábhar sna pleannanna maithe, ní raibh straitéisí aontaithe na scoile uile le léamh ina bhformhór. Is den riachtanas é cur chuige a cheapadh chun an saineolas atá i measc na foirne maidir leis an bpleanáil ábhair a roinnt; tá gá don bhainistíocht shinsearach ról níos réamhghníomhaí a ghlacadh san obair seo ar an bpleanáil ábhair. Beidh sé riachtanach mar chuid den fhorbairt seo tús a chur le pleanáil a dhéanamh do theanga an teagaisc agus na foghlama i ngach ábhar seachas an Fhraincis.

Cé go ndéantar anailís ar rátaí rannpháirtíochta agus leibhéal gnóthachtála na scoláirí sna scrúduithe teistiméireachta, tá gá le hanailís níos doimhne. Níor mhór freisn tátail a bhaint as an anailís seo agus é sin a bheith mar cheann de na bunfhoinsí a threoraíonn próiseas na pleanála gníomhaíochta i ngach uile ábhar.

3. CUR I BHFEIDHM NA MOLTAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ ROIMHE

Ceannaireacht agus Bainistíocht

Tá dul chun cinn maith déanta ar chur i bhfeidhm moltaí a bhain le meastóireachtaí roimhe seo, cé nár cuireadh plean feabhsúcháin don Ghaeilge i dtoll a chéile go dtí le gairid. Tá dul chun cinn sásúil déanta i bhforfheidhmiú na moltaí don phleanáil ábhair in os cionn leath de na pleannanna a breathnaíodh.

Teagasc agus Foghlaim

Ar an iomlán, tá an dul chun cinn maidir le cur i gcrích moltaí sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú sa raon sin idir sásúil agus go maith, agus bhí cleachtais eiseamláireacha maidir le haiseolas foirmitheach sa cheathrú cuid de na ceachtanna.

4. PRÓISEAS FÉINMHEASTÓIREACHTA NA SCOILE AGUS CUMAS D'FHEABHSÚCHÁN SCOILE

Próiseas Féinmheastóireachta na Scoile

Tá próiseas féinmheastóireachta na scoile sásúil. Thosaigh an scoil ag plé leis an bpróiseas sa bhliain 2013 agus is sampla maith é an plean feabhsúcháin scoile (PFS) do litearthacht an Bhéarla ar úsáid phróisis sé-chéim FMS. Níor léir áfach gur cuireadh an PFS seo os comhair an bhoird. Cé go ndearnadh forbairt ar PFS don uimhearthacht sa scoilbhliain 2015/2016, níor tugadh faoi athbhreithniú air. Níor bunaíodh struchtúr forfheidhmithe chun an próiseas a bhrú ar aghaidh.

Tá an scoil ag díriú ar an bpleanáil teanga don dara timthriall don FMS. Is den riachtanas é ról ceannaireachta a bheith ag an mbainistíocht shinsearach an uair seo agus cur chuige iomlán scoile a fhorbairt chun an plean teanga a chur i gcrích.

Cumas na Scoile d'Fheabhsúchán

Tá an toil mar aon le hacmhainn chun feabhais maith i measc phobal na scoile tabhairt faoin obair seo thar tréimhse chúig bliana.

5. CAOMHNÚ LEANAÍ

Le linn na meastóireachta, rinneadh seiceáil mar a leanas ar nósanna imeachta na scoile maidir le caomhnú leanaí.

1. Is eol do phríomhoide na scoile gur tháinig nósanna imeachta athbhreithnithe i bhfeidhm ar 11 Nollaig 2017 maidir le caomhnú leanaí do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileana. Tugadh deimhniú go bhfuil socruithe déanta chun tosú ar chur i bhfeidhm na nósanna imeachta seo.
2. Ag am na meastóireachta bhí ainm an teagmhálaí ainmnithe le haghaidh ceisteanna caomhnaithe leanaí ar taispeáint go feiceálach gar do príomhdhoras na scoile.
3. Tá polasaí caomhnaithe leanaí ag an scoil.
4. Is eol do gach múinteoir gur duine faoi shainordú é/í agus tá gach múinteoir feasach ar a c(h)uid freagrachtaí maidir leis seo.

Bhí cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi gach ceann de na seiceálacha thuas.

Aguisín

Freagra na Scoile ar an Tuairisc

Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta

Cuid A: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

(folamh)

Cuid B: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur i bhfeidhm

Ba mhaith le Bord Bainistíochta Choláiste Naomh Feichín, a chur in iúil a shástacht as an tuairisc ar Chigireacht Meastóireacht Scoile Uile Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim.

Ag éirí as an gCigireacht, tá gníomhartha leantacha curtha i bhfeidhm ag an scoil. Tá plean Treoir le cur faoi bhráid gach tuismitheoir/caomhnóir, Comhairle na nDaltaí agus an Bord Bainistíochta idir seo agus Nollaig 2018.

Contanam Cáilíochta na Cigireachta

Déanann cigirí cur síos ar cháilíocht an tsoláthair sa scoil agus feidhm á baint acu as contanam cáilíochta na cigireachta a thaispeántar thíos. Tugann an contanam cáilíochta samplaí den teanga a úsáideann cigirí nuair a bhíonn siad ag déanamh meastóireachta agus ag cur síos ar cháilíocht sholáthar na scoile do gach réimse.

Leibhéal	Cur síos	Sampla de na téarmaí tuairisciúla
An-mhaith	Úsáidtear <i>An-mhaith</i> áit a bhfuil cáilíocht na réimsí a ndéantar meastóireacht orthu ar chaighdeán an-ard. Ní bhíonn tionchar rómhór ag an líon beag réimsí atá le feabhsú ar cháilíocht an tsoláthair ar an iomlán. Do roinnt scoileanna sa chatagóir seo cáilíocht an tsoláthair ar a rinneadh meastóireacht <i>thar cionn</i> agus is sampla é do scoileanna eile de shárchaighdeáin soláthair.	An-mhaith; ar cháilíocht an-ard; cleachtas an-éifeachtach; le moladh go hard; an-rathúil; beagán réimsí le feabhsú; go hiontach; ar chaighdeán an-ard. Ar fheabhas: thar cionn; ar sárchaighdeán; le láidreachtaí an-suntasacha; thar barr
Maith	Úsáidtear <i>Go maith</i> áit inar léir go bhfuil na láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu níos treise ná na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh. Bíonn tionchar ag na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh ar cháilíocht foghlama na ndaltaí. Ní mór don scoil tógáil ar a cuid láidreachtaí agus gníomhú le dul i ngleic leis na réimsí atá aitheanta ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh d'fhonn caighdeán <i>an-mhaith</i> a bhaint amach.	Go maith; cáilíocht mhaith; fiúntach; cleachtas éifeachtach; inniúil; úsáideach; inmholta; caighdeán maith; roinnt réimsí le feabhsú
Sásúil	Úsáidtear <i>Sásúil</i> áit a bhfuil cáilíocht an tsoláthair sách maith. Tá na láidreachtaí sa mhéid ar a bhfuil meastóireacht á dhéanamh díreach níos treise ná na laigí. Cé nach mbíonn drochthionchar suntasach ag na laigí cuireann siad srian le cáilíocht na n-eispéireas foghlama agus ba chóir déileáil leo d'fhonn caighdeán níos fearr a bhaint amach.	Sásúil; sách maith; soláthar oiriúnach cé go bhfuil féidearthachtaí ann le feabhas a dhéanamh; leibhéal cáilíochta inghlactha; is gá feabhas a dhéanamh i réimsí áirithe
Measartha	Úsáidtear <i>Measartha</i> áit, in ainneoin go bhfuil roinnt láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu, go bhfuil níos mó easnaimh nó laigí ann freisin ná na láidreachtaí. Beidh ar an scoil dul i ngleic le heasnaimh áirithe gan mhoill lena chinntiú go mbíonn an soláthar sásúil nó níos fearr ná sin.	Measartha; laigí soiléire ann a bhfuil tionchar acu ar fhoghlaim na ndaltaí; gan a bheith sásúil; deacrachtaí ann; ní mór feabhas a dhéanamh i réimsí ar leith; gá le gníomhú le feabhas a dhéanamh
Lag	Úsáidtear <i>Lag</i> áit a bhfuil easnaimh thromchúiseacha sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu. Is gá don scoil uile gníomhú láithreach ar bhonn comhordaithe le dul i ngleic leis na réimsí atá mar ábhar imní. I gcásanna áirithe, b'fhéidir go mbeidh gá le hionchur ó ghníomhaireachtaí eile le tacú leis na feabhsuithe.	Lag; míshásúil; easnamhach; neamhéifeachtach; go dona; athrú, forbairt nó feabhas suntasach ag teastáil; deacrachtaí suntasacha ann

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Whole-school Evaluation
Management, Leadership and Learning

REPORT

Ainm na scoile / School name	Coláiste Naomh Feichín
Seoladh na scoile / School address	Corr Na Mona County Galway
Uimhir rolla / Roll number	71320S

Date of Evaluation: 21-02-2018



This report is written in Irish. An English translation of the report is provided at the end of the report.

Tá an tuairisc seo scríofa i nGaeilge. Tá aistriúchán Béarla den tuairisc ar fáil ag deireadh na tuairisce.

What is whole-school evaluation – management, leadership and learning?

Whole-School Evaluation – Management, Leadership and Learning reports on the quality of teaching and learning and on the quality of management and leadership in a school. It affirms good practice and makes recommendations, where appropriate, to aid the further development of educational provision in the school.

The board of management of the school was given an opportunity to comment in writing on the findings and recommendations of the report, and the response of the board will be found in the appendix of this report.

